A thuismitheoir/chaomhnóir, a chara,

ÉIDE SCOILE 2016/17

Ní gá a rá nár chóir do dhalta teacht ar scoil muna bhfuil an éide scoile iomlán air nó uirthi. Seo thíos roinnt soiléirithe ó thaobh an éide scoile i mbliana mar chabhair.

Beidh an scoil i dteagmháil le tuismitheoirí muna bhfuil an éide scoile iomlán ar dhalta agus cuirfear píonós i bhfeidhm agus gléasfaidh na daltaí ó stoc na scoile. Ní bheidh cead ag daltaí freastal ar ranganna muna bhfuil an éide scoile ceart á caitheamh acu.

1) **Brógaí leathair dubha/dúghorma** atá ag teastáil. Níl cead do bhrógaí reatha ná Uggaí.
2) Ní bheidh cead ag aon dalta an culaith reatha GCCD a chaitheamh seachas i rith Corpoideachais nó nuair a iarrann múinteoir orthu.
3) Níl cead cochaill a chaitheamh in aon áit sa scoil.
4) Níl ach seaicéid GCCD na scoile ceadaithe sna ranganna agus sna dorchlaí.Moltar do dhaltaí aon chótaí eile a bhaint ag iontráil na scoil.
5) Ní cheadaítear polladh colainne nó seodra ar bith seachas stoda amháin i ngach cluas (coineálaithe geala plaisteacha ceadaithe).
6) Ní cheadaítear smideadh.

Seasann na gnáth rialacha faoin éide scoile a bhí ann roimhe seo agus atá le léamh i nDialann an Dalta 2016/17 agus ar www.gccd.ie

PONCÚLACHT

Caithfidh daltaí a bheith i láthair ag a cúig chun a naoi (8.55) don rolla leis an oide ranga. Beidh nóta mínithe nó glaoch gutháin ó thuismitheoirí/ chaomhnóirí de dhíth má bhíonn aon dalta níos mó ná leathuair a chloig déanach. Ba chóir do dhaltaí atá déanach síniú isteach ag an oifig agus eolas a thabhairt don oide ranga go bhfuil siad tagtha.

SÍNIÚ AMACH SAN OIFIG

Níl cead ag daltaí an scoil a fhágáil roimh 3.50 seachas i gcúinsí doshéanta agus in easpa nóta beidh ar thuismitheoir/caomhnóir teacht isteach agus an dalta a shíniú amach san oifig. Ba chóir do nótaí ó thuismitheoirí a bheith taispeáinte don oide ranga ar an rolla ar maidin.

SCHOOL UNIFORM 2016/17

Needless to say, no student should present themselves at school unless they are in full school uniform. Here are some clarifications to the rules on school uniform which may be of assistance.

The school will contact parents if a student is not in full school uniform and sanctions will be imposed; students will be required to dress from school stock of uniforms and shoes. Students will not be permitted to attend class unless they are wearing the correct uniform.

1) **Black/navy leather shoes** are required. Runners/Uggs are not allowed.
2) Students are not allowed to wear the GCCD tracksuit except during PE or where requested to do so by a teacher.
3) Hooded jackets (hoodies) are not permitted anywhere in the school.
4) Only GCCD school uniform jackets are permitted in classes and on corridors. Students are therefore required to remove any other non-school jacket on entry to school.
5) No piercings or any jewellery apart from one stud in each ear is permitted (clear plastic retainers permitted).
6) Make-up is not permitted.

The other rules on the school uniform will still apply and can be read in the student Diary 2016/17 and at www.gccd.ie

PUNCTUALITY

Students need to be present by 8.55 for roll call with their class teacher. A note of explanation or a phone call is required from a parent/guardian if a student is more than half an hour late. Late attendees must sign in at office and inform their class teacher of their arrival.

SIGNING OUT AT OFFICE

Students are not allowed to leave the school before 3.50 except in exceptional circumstances and in the absence of a note parents must come into the school in order to sign students out at office. Notes from parents must be presented to class teacher at morning roll.

Is mise le meas,

_____

Séamus Ó Ceanainn Príomhoide

FÓIN PHÓCA

Níl fón póca riachtanach ar scoil. Tá cead ag daltaí glaoch gutháin práinneach a dhéanamh ón oifig más gá. Tá cead ag tuistí glaoch ghutháin a chur ar an oifig más gá práinneacg don tuiste dul i dteagmhail lena bpáiste. Níl aon fhreagracht ag an scoil as fón póca má thugann dalta ceann ar scoil.

Sa chás go dtugtar fón póca ar scoil, tá cosc iomlán ar fhóin phóca a bheith in úsáid i ranganna ach amháin faoi threoir an mhúinteora. Má iarrann múinteoir ar dhalta(í), fágfar na fóin agus iad múchta ar dheasc an dalta i rith na ranganna. Beidh cosc iomlán ar úsáid an fhóin in aon áit laistigh de limistéir na scoile. Má bheirtear ar dhalta ag úsáid an fóin tógfar an fón go dtí deireadh an lá scoile.

- Níl aon chead griangraf a ghlacadh.
- Níl cead taifead a dhéanamh ar an bhfón. Os rud é gur rud tromchúiseach seo gearrfar pionós trom, coinfisciú den fóin san áireamh ag brath ar dáiríreacht.
- Níl cead meáin shoisialta (snapchat, facebook, instagram) a úsáid i rith an lá scoile.

AN DIALANN

Síníonn múinteoirí ranga agus tuismitheoirí an dialann gach seachtain. Caithfidh sí a bheith ag an dalta i ngach rang agus caithfear í a thabhairt do phearsa údaraithe nuair a iarrtar air/uirthi. Is féidir le múinteoir í a úsáid chun cuntas ar mharcanna nó trácht a dhéanamh. Ba cheart í a choinneáil glan agus néata, suas chun dáta agus ní cheadaítear í a mhilleadh. Tógtar abhaile í gach lá.

Is í an dialann an t-aon áit amháin chun nótaí ó thuismitheoirí nó chaomhnóirí faoin neamhláithreacht nó faoi thinneas srl. a thaifeadadh. Ná seol isteach nótaí faoi leith maidir leis na rudaí seo.

Thar aon rud eile ba cheart do dhaltaí an dialann a úsáid chun obair bhaile a bhreacadh síos, idir obair scríofa/fhoghlamtha agus athstaidéar. Fanann an fhreagracht as an dialann a choimeád leis an dalta.

IS Í AN DIALANN AN LEABHAR IS TÁBHACHTAÍ DÁ BHFUIL AGAT

- Cabhraíonn sí leat tú féin a eagrú maidir le hamchlár, le hobair bhaile agus le gníomhaíochtaí eile.
- Is ceangal í idir an scoil agus an baile.
- Is dialann do ghnó na scoile í, ní do ghnó pearsanta, a úsáideann an fhoireann.
- Baineann gach duine atá i bpáirtíocht do chuid oideachais úsáid aisti -Tusa/Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus múinteoirí. Ba chóir go mbeadh sí agat i gcónaí agus í glan, néata agus eagraithe.
- Níor chóir diúltú riamh í a thabhairt do mhúinteoir/do thuismitheoir/do chaomhnóir.
- Má iarrtar ort í le linn ranga ba chóir í a thabhairt i gcónaí agus má cheapann tú go bhfuil éagóir á dhéanamh ba chóir í a phlé leis an duine cuí.
- Ba chóir aon nóta ó mhúinteoir ábhair a bheith sínithe ag an múinteoir ranga agus ag tuismitheoir/caomhnóir.
- Ba chóir aon nóta ó mhúinteoir, ón bpríomhoide tánaisteach nó ón bpríomhoide a bheith sínithe ag tuismitheoir /ag caomhnóir má iarrtar ort é a fháil sínithe.
- Ba chóir aon nóta ó thuismitheoir/ó chaomhnóir a bheith sínithe ag an duine cuí.

MOBILE PHONES

A mobile phone is not necessary in school. A student may make an urgent call from the office if required. Parents may call the office if they need to contact their child urgently. The school is not responsible for a mobile phone which a student takes to school.

If a phone is taken to school, there is a complete ban on mobile phones in the classroom unless under the teacher's direction. A teacher may require students' phones to be placed visibly on their desk during classes. There will be a complete ban on using a mobile phone in any place inside the school limits. If a student is caught using a phone the phone will be taken until the end of the school day.

- Taking pictures is not permitted.
- Any recording on the phone is not permitted. Since this is a serious matter there will be a heavy sanction including confiscation of the phone depending on the seriousness.
- Social media (snapchat, facebook, instagram) are not permitted during the school day.

SCHOOL JOURNAL/DIARY

Class teaches and parents sign the school journal every week. Students must have their school journals for every class and it must be given to a person of authority if asked. A teacher can use it to record marks or comments. It should be kept clean and tidy, up to date and it is not permitted to damage the school diary. It should be taken home every day.

The journal is the only place for parents and guardians to write notes regarding absence or illness etc. Please, do not write notes elsewhere regarding these matters.

Above all else, students should use the school journal to write down their homework, whether it is written/learning work or revision. The responsibility for minding the diary rests with the student.

THE SCHOOL JOURNAL IS THE MOST IMPORTANT BOOK YOU HAVE

- It helps you to organise yourself regarding your timetable, your homework and other activities.
- It is a communication link between home and school.
- It is a diary of your school work, not your personal business, which the staff use.
- Everyone who takes part in your education uses it- Yourself, Parents/Guardians and teachers. You should have it at all times while ensuring that it is clean, tidy and organised.
- You should not refuse to give it to your teacher/your parent or guardian.
- If you are asked for your journal during a class you should always hand it over and if you think an unfairness has occured you should take it up with a relevant person.
- Any note from a subject teacher should be signed by the class teacher and by the parent/guardian.
- Any note from a teacher, from the Vice-principal or the Principal should be signed by your parent/guardian if requested to do so.
- Any note from a parent/guardian should be signed by the appropriate person.

Is mise le meas,

_____

Séamus Ó Ceanainn Príomhoide